# Bord Oideachais & Oiliúna Chiarraí

STRAITÉIS TFC

2019 - 2022

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

QQI AWARD

BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD

# Contents


| | |
|---|---|
| *Brollach* | 1 |
| *Réamhrá* | 4 |
| *Struchtúr Eagraíochtúil* | 5 |
| *Misean agus Luachanna* | 6 |
| *Ollstruchtúr Líonra le haghaidh Eagraíocht atá Scaipthe go Geografach* | 7 |
| *Téarmaí Tagartha* | 9 |
| *Modheolaíocht* | 10 |
| *Spriocanna agus Gníomhartha Straitéiseacha a Fhorbairt* | 11 |
| *Spriocanna & Gníomhartha Straitéiseacha* | 12 |
| ***Sprioc Straitéiseach 1:** Bonneagar TF* | 13 |
| ***Sprioc Straitéiseach 2:** Teagasc agus foghlaim* | 14 |
| ***Sprioc Straitéiseach 3:** Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) don Fhoireann* | 15 |
| ***Sprioc Straitéiseach 4:** Organisational Communications* | 16 |
| ***Sprioc Straitéiseach 5:** Rialachas, Córais, Slándáil & Sábháilteacht* | 17 |
| *Athbhreithniú* | 18 |
| *Tátal* | 19 |
| *Gluais* | 20 |
| *Aguisín 1: Coiste Forbartha Straitéise TFC* | 21 |
| *Aguisín 2: Cláir agus Lárionaid BOO Chiarraí* | 22 |
| *Aguisín 3: Ceistneoir faoin Straitéis TFC 2018 – 2022* | 23 |
| *Aguisín 4: Ceistneoir um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta* | 26 |

# Brollach

Tá ríméad orm Straitéis TFC Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí) 2019/2022 a chur i láthair. Sa Straitéis seo, tógtar ar na mbonn láidir a leagadh amach le cur i bhfeidhm Ráiteas Straitéise TFC BOO Chiarraí 2014/2018. Tá TFC ina chuid lárnach, riachtanach den saol laethúil in eagraíocht nua-aimseartha agus maidir le BOO Chiarraí,tá TFC ríthábhachtach chun tacú le gach gné dár soláthar seirbhísí oideachais agus oiliúna, dár bhfeidhmeanna riaracháin agus den dea rialachas.

Ba é an Coiste Forbartha Straitéise TFC a chomhaontaigh an mhodheolaíocht a bhain le forbairt na straitéise seo agus ba iad na téarmaí tagartha comhaontaithe a bhí mar bhonn eolais di. Bhí comhairliúchán fairsing leis an fhoireann, le mic léinn/foghlaimeoirí etc. i gceist leis an modheolaíocht sin agus forbraíodh í i gcomhréir le cuspóirí beartais náisiúnta.

Tá an straitéis leagtha amach chun an struchtúr eagraíochtúil reatha a léiriú, ina bhfuil na colúin seo a leanas:

- Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta
- Scoileanna, an Óige agus Ceol
- Breisoideachas agus Oiliúint

Sainaithnítear 5 Príomhsprioc Straitéiseacha sa ráiteas straitéise nua seo, eadhon:

1. **Bonneagar TF** – líonraí, gléasanna, forimeallaigh agus uirlisí bogearraí a bheidh oiriúnach don fheidhm a bhunú chun tacú le teagasc agus foghlaim Chórais Faisnéis Bhainistíochta.

2. **Teagasc agus Foghlaim** – Uirlisí digiteacha a lánpháirtiú i ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama chun scileanna digiteacha mhic léinn/foghlaimeoirí a fhorbairt, chun tacú le comhoibriú agus chun deiseanna teagaisc agus foghlama a uasmhéadú.



3. **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach don Fhoireann** – Uirlisí digiteacha a lánpháirtiú i ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama chun scileanna digiteacha mhic léinn/foghlaimeoirí a fhorbairt, chun tacú le comhoibriú agus chun deiseanna teagaisc agus foghlama a uasmhéadú.

4. **Cumarsáid Eagraíochtúil** – Samhail chumarsáide a fhorbairt don eagraíocht go léir a thabharfaidh deis don fhoireann TFC a úsáid chun cur le táirgiúlacht, chun éifeachtúlachtaí a chruthú agus chun a gcuspóirí a bhaint amach.

5. **Rialachas, Córais, Slándáil agus Sábháilteacht** – Beartais, nósanna imeachta agus córais éifeachtacha chun slándáil bhonneagar TFC, faisnéis agus sonraí BOO Chiarraí a chinntiú, agus lena chinntiú go mbeimid ag comhlíonadh ár n oibleagáidí maidir le cosaint sonraí.

Tá gníomhartha gaolmhara i gceist le gach Sprioc straitéiseach. Baineann cuid díobh le gach colún gníomhaíochta agus baineann cuid eile go sonrach le colún ar leith. Déanfaidh Coiste Feidhmithe na Straitéise TFC monatóireacht ar chur i bhfeidhm rathúil na straitéise gach bliain.

Is mian liom buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach i bhforbairt na straitéise, go háirithe na Stiúrthóirí, comhaltaí an Choiste Forbartha Straitéise TFC agus Jeremy Wrenn, an tOifigeach um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta. Cé gur straitéis uaillmhianach í seo, tá sí neadaithe i réaltacht riachtanais na heagraíochta. Tá sé ríthábhachtach do gach gné de sholáthar na seirbhísí oideachais agus oiliúna go gcuirfear i bhfeidhm go rathúil í agus díríonn sí ar leas ár mac léinn/ foghlaimeoirí agus ár bhfoirne. Táim ag súil go mór le cur i bhfeidhm rathúil na straitéise seo.

**Colm Mc Evoy**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD

*Foireann:*

*os cionn* **1,100**

---

*Buiséad Bliantúil:*

*os cionn* **€52 milliún**

---

*Mic léinn lánaimseartha:*

**4,009**

---

*Mic léinn breisoideachais agus oiliúna:*

**c 11,500**

---

*Ionad BOO Chiarraí:*

**36**

---

*Scoileanna Comhpháirtíochta:*

**4**

---

*Cuireadh cláir for-rochtana ar fáil in*

*os cionn* **100 ionad**

---

# Réamhrá

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (ar ar tugadh Seirbhís Oideachais Chiarraí roimhe seo – an CGO i gCiarraí) an 1 Iúil 2013 faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Is gníomhaireacht reachtúil é Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí) atá freagrach as seirbhísí oideachais agus oiliúna a sholáthar i gCo. Chiarraí.Tá struchtúr corparáideach aige atá comhdhéanta de bhord a cheaptar go daonlathach agus foireann bainistíochta (feidhmiúcháin). Freastalaíonn BOO Chiarraí ar Chontae Chiarraí go léir, ina bhfuil daonra tuairim is 148,000 duine.

Is eagraíocht il-láithreáin é BOO Chiarraí agus áitreabh aige i suíomhanna éagsúla ar fud an chontae, ina soláthraítear Oideachas Bunscoile agus Iarbhunscoile, Breisoideachas agus Oiliúint, agus Oideachas Allamuigh. Reáchtálann BOO Chiarraí cúrsaí in áitribh nach le BOO Chiarraí iad freisin, i bpobail ar fud an chontae.

Cuireann BOO Chiarraí deiseanna Oideachais agus Oiliúna ar fáil do bhreis agus 15,000 foghlaimeoir gach bliain. Tá os cionn 1100 ball foirne fostaithe ag BOO Chiarraí agus iad ag obair i suíomhanna éagsúla ar fud an chontae.




*Fíor 1: Suíomhanna Lárionaid Boo Chiarraí*

# Struchtúr Eagraíochtúil

An Príomhfheidhmeannach atá freagrach as bainistíocht feidhmiúcháin an BOO agus tugann triúr Stiúrthóirí tacaíocht dó sa ról sin. Is iad sin:

- An Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceol
- An Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
- · An Stiúrthóir um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta




*Fíor 2: Colúin Seachadadh Seirbhísí BOO Chiarraí*

Léiríonn róil an triúir Stiúrthóirí na trí cholún soláthar seirbhíse atá ag an BOO, (Fíor 2 thíos) agus údarás tarmligthe go foirmiúil do gach Stiúrthóir ina ról, i gcomhréir le hAlt 16 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

# *Misean agus Luachanna*

## ÁR MISEAN

***Sochaí foghlama ar feadh an tsaoil i gCiarraí a chruthú agus forbairt na sochaí sin a chur chun cinn chun go mbeidh rochtain ag gach duine a chónaíonn ann ar an oideachas agus ar an oiliúint a theastaíonn chun go mbeidh siad in ann lán a gcumais a bhaint amach agus chun freastal ar a riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha, eacnamaíocha agus shibhialta.***




*Fíor 3: Bunluachanna BOO Chiarraí*

## ÁR LUACHANNA

***Tá ár mbunluachanna dírithe ar a chinntiú go mbíonn an ceart ag gach duine rochtain a fháil ar dheiseanna oideachais agus oiliúna go mbeidh siad in ann lán a gcumais a bhaint amach.***
***Tá sé mar aidhm againn na luachanna sin a chur chun feidhme go gníomhach trínár gcuid gníomhartha agus iompraíochtaí.***

# *Ollstruchtúr Líonra le haghaidh Eagraíocht atá Scaipthe go Geografach*

Oibríonn BOO Chiarraí 35 ionad agus cuireann cúrsaí ar fáil in os cionn 100 suíomh for-rochtana ar fud Chontae Chiarraí. Bíonn dúshlán ag baint leis an líon sin suíomhanna, i gcomparáid le heagraíocht ina mbíonn, mar shampla, gach duine in aon suíomh nó foirgneamh amháin.

Go dtí seo, forbraíodh agus úsáideadh ollstruchtúr TF de réir an tsuímh.

Is éard atá i líonra achair logánta (LAN) líonra ríomhairí a idirnascann ríomhairí atá lonnaithe i limistéar teoranta, amhail teach, scoil nó ionad. Léirítear gnáth-líonra achair logánta scoile de chuid BOO Chiarraí i bhFíor 4 thíos.




*Figure 4: Líonra Achair Logánta (LAN)*

Is féidir LAN amháin a nascadh le LANanna eile thar achar ar bith ach an tIdirlíon a úsáid. Tugtar líonra achair fhairsing (WAN) ar chóras LANanna a nasctar ar an tslí sin. An difríocht idir LAN agus WAN ná go gclúdaíonn an líonra achair fhairsing ceantar geografach sách mór. De ghnáth, bíonn WAN comhdhéanta de dhá líonra achair logánta (LANanna) nó níos mó. Léirítear i bhFíor 5 thíos WAN atá comhdhéanta de suas le 4 LAN idirnasctha.

Tá WAN de chuid BOO Chiarraí beartaithe a bheith mar bhonn do bhonneagar  BOO Chiarraí agus tacóidh sé le comhoibriú, roinnt acmhainní agus dea chleachtas.




*Figure 5: Líonra Achair Fhairsing (WAN)*

# *Téarmaí Tagartha*

Leis an straitéis seo, tógtar ar Straitéis TFC BOO Chiarraí 2014-2018 agus féachtar le tacú le fís, misean, luachanna agus spriocanna straitéiseacha Straitéis Oideachais agus Oiliúna BOO Chiarraí 2018-2022

Chomhaontaigh an Coiste Forbartha Straitéise TFC na téarmaí tagartha seo a leanas chun an straitéis a fhorbairt:

> "Pleanáil a dhéanamh ar bhealach straitéiseach an tslí a mbainfimid tairbhe as cumhacht na dteicneolaíochtaí digiteacha chun TFC a úsáid chun tacú le:
> 1. Teagasc agus Foghlaim
> 2. Riarachán agus Bainistiú
>
> ar fud an Chontae ar bhealach lánpháirtithe chun leasa na foirne, na mac léinn/an foghlaimeoirí agus an phobail".

Ag na téarmaí tagartha á gcruthú, rinne an coiste machnamh cuí ar théamaí na bhfoilseachán seo a cuireadh amach le déanaí:

- Creat don tSraith Shóisearach (2015)
- Sonraíocht Churaclaim do Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta Sonraíocht Churaclaim
- An StraitéisDhigiteach do Scoileanna 2015-2020
- Creat Digiteach d'Iarbhunscoileanna (2017)
- Straitéis SOLAS maidir le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta sa Bhreisoideachas agus Oiliúint 2016–2019
- Straitéis Forbartha Gairmiúla SOLAS sa Bhreisoideachas agus Oiliúint 2017-2019
- Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí SOLAS 2018-2020
- Creat Eorpach d'Oideoirí
- *Future Jobs Ireland 2019 – Preparing Now for Tomorrow's Economy*
- Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann 2025
- Plean Sheirbhísí Comhroinnte na hEarnála Oideachais agus Oiliúna 2017-2020

# *Modheolaíocht*

Iarradh léirithe spéise maidir le comhaltacht sa Choiste Forbartha Straitéise TFC i mí na Samhna 2017. Bunaíodh an Coiste Forbartha i mí na Nollag 2017 agus tionóladh an chéad chruinniú an 9 Eanáir 2018. Ar na téarmaí tagartha don Choiste a chomhaontú, pléadh an mhodheolaíocht d'fhorbairt na straitéise. An tábhacht a bhaineann le comhairliúchán fairsing a bhí mar bhonn taca le forbairt na modheolaíochta. Tá achoimre ar an modheolaíocht forbartha sa tábla seo a leanas.

## Kerry ETB / SOLAS Strategic performance targets 2018 – 2020

| | | |
|---|---|---|
| Eanáir 2018 | Cruinniú an Choiste Forbartha Straitéise TFC dréacht-réimsí tosaíochta na straitéise a chomhaontú. | An Chéim Pleanála |
| Feabhra 2018 | Forbairt ar theimpléad do cheistneoir lena dtugtar aghaidh ar gach ceann de na Réimsí Tosaíochta sainaitheanta. | |
| Aibreán 2018 | Ceistneoir a eisiúint chuig gach ball foirne (féach Aguisíní 3 & 4) ina dtugtar aghaidh ar gach ceann de na Réimsí Tosaíochta. Seoladh ceistneoir digiteach do gach ball foirne ar an ríomhphost agus úsáid á baint as Microsoft Forms. An 7 Bealtaine 2018 an spriocdháta.<br>Cuireadh na ceistneoirí comhlánaithe i dtoll a chéile agus rinneadh anailís orthu. | An Chéim Chomhairliúcháin |
| Samhain 2018 | Rinneadh anailís ar na ceistneoirí comhlánaitheagus rinneadh machnamh orthu ag an gcruinniú an 16 Samhain 2018.<br>Ba é cuspóir an chruinnithe sin, athbhreithniúa dhéanamh ar an aiseolas ón gceistneoir, rud a chuir deis eile comhairliúcháin ar fáil, sula dtabharfaí an Cháipéis Straitéise chun críche. | |
| Meán Fómhair 2019 | Scaipeadh an dréacht-straitéis chun aiseolas a fháil uirthi. Bhí gach aiseolas le cur ar ais faoin 1 Deireadh Fómhair 2019. | |
| 8Samhain 2019 | Foilsiú pleanáilte Straitéis TFC BOO Chiarraí 2018 – 2022 | Foilsiú |

# *Spriocanna agus Gníomhartha Straitéiseacha a Fhorbairt*

Shainaithin an Coiste Forbartha Straitéise TFC na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas, a raibh aghaidh le tabhairt orthu, ag an gcruinniú i mí Eanáir 2018:

1. Bonneagar TF
2. Teagasc agus Foghlaim
3. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach don Fhoireann
4. Cumarsáid Eagraíochtúil
5. Rialachas, Córais, Slándáil & Sábháilteacht

Roghnaíodh na réimsí tosaíochta seo chun tacú le téarmaí tagarthana straitéise.

Forbraíodh ceistneoir ansin bunaithe ar na tosaíochtaí a sainaithníodh thuas, chun aiseolas a lorg ón bhfoireann le bheith mar bhonn eolais do mhionsonraí na straitéise. Rinneadh suirbhé digiteach ar an bhfoireann trí nasc chuig Microsoft Form a fháil ar an ríomhphost.Tugtar forléargas i bhFíor 6 ar an méid rannpháirtíochta sa phróiseas sin.




*Fíor 6: An Céatadáin Ceistneoirí a Cuireadh ar Ais*

| Colún | Ceistneoirí a Cuireadh ar Ais | Ceistneoirí a Eisíodh | Céatadán a Cuireadh ar Ais |
|---|---|---|---|
| **Scoileanna** | 166 | 328 | **50.6%** |
| BO | 82 | 286 | **28.7%** |
| TFE | 102 | 119 | **85.7%** |

# Spriocanna & Gníomhartha Straitéiseacha

Sainaithníodh agus comhaontaíodh spriocanna agus gníomhartha straitéiseacha soiléire maidir le gach ceann de na réimsí tosaíochta i rith an phróisis chomhairliúcháin. Léirítear na spriocanna agus gníomhartha sin san íomhá seo a leanas, Fíor 7.



### Bonneagar TF

Líonraí, gléasanna, forimeallaigh agus uirlisí bogearraí a bheidh oiriúnach don fheidhm a bhunú chun tacú le teagasc agus foghlaim Chórais Faisnéis Bhainistíochta

### Teagasc agus Foghlaim

Uirlisí digiteacha a lánpháirtiú i ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama chun scileanna digiteacha mhic léinn/foghlaimeoiría fhorbairt, chun tacú le comhoibriú agus chun deiseanna teagaisc agus foghlama a uasmhéadú

### FGL

Clár FGL bunaithe ar TFC a phleanáil, a fhorbairt agus a sholáthar don fhoireann, agus deiseanna a chur ar fáil chun tairbhe a bhaint teicneolaíochtaí digiteacha nua agus iad sin atá ag teacht chun cinn.

### Cumarsáid Eagraíochtúil

Samhail chumarsáide a fhorbairt don eagraíocht go léir a thabharfaidh deis don fhoireann TFC a úsáid chun cur le táirgiúlacht, chun éifeachtúlachtaí a chruthú agus chun a gcuspóirí a bhaint amach

### Rialachas, Córais agus Slándáil

Beartais, nósanna imeachta agus córais éifeachtacha chun slándáil bhonneagar TFC, faisnéis agus sonraí BOO Chiarraí a chinntiú, agus lena chinntiú go mbeimid ag comhlíonadh ár n-oibleagáidí maidir le cosaint sonraí

# *Sprioc Straitéiseach 1:*
## *Bonneagar TF*

***Príomhchúram:*** Flíonraí, gléasanna, forimeallaigh agus uirlisí bogearraí a bheidh oiriúnach don fheidhm a bhunú chun tacú le teagasc agus foghlaim Chórais Faisnéis Bhainistíochta

### An méid a dhéanfaimid:

1. Líonra Achair Fhairsing a fhorbairt lena gcuimseofar gach Ionad BOO Chiarraí
2. Tacaíocht theicniúil láraithe a fháil do WAN BOO Chiarraí
3. Leanúint de thacú le ceadúnais bhogearraí a fháil agus féachaint le teacht ar aon chomhaontú ceadúnais de chuid SOLAS nuair is féidir sin
4. Nascacht chuí leis an idirlíon a chinntiú chun tacú le múinteoirí, oidí agus teagascóirí chun tairbhe a bhaint as an idirlíon agus chun teacht ar néal BOO Chiarraí, i scoileanna, ionaid agus suíomhanna for-rochtana
5. Nascadh le bandaleithead líonraí ardtoillte an rialtais a lorg d'áitribh BOO Chiarraí, e.g. Líonra Achar Cathrach (MAN), nuair is féidir sin
6. Oll-struchtúr comónta Líonra Achair Logánta (LAN) a fhorbairt i ngach ionadBOag teacht le bonneagar reatha na scoileanna
7. Taighde a dhéanamh ar réitigh bainistithe gan sreang d'ionaid BO, iad a fháil agus iad a shuiteáil
8. Rochtain ar cheadúnais Office 365 a leathnú amach chuig gach foghlaimeoirí BO lánaimseartha
9. Leanúint de theimpléid crua-earraí athsholáthair a fhorbairt agus a úsáid i ngach scoil/ionad sa scéim (uasghrádú leanúnach ar ríomhairí pearsanta agus ar threalamh a bhaineann leo (teilgeoirí, cláir bhána etc.) agus a chinntiú go gcloíonn na crua-earraí go léir (bonneagair, gléasanna, forimeallaigh) leis na sonraíochtaí íosta chun tacú le riachtanais teagaisc agus foghlama gach cláir
10. Foirne soghluaiste gléasanna a fhorbairt le húsáid i ngnáthsheomraí ranga chun teagasc agus foghlaim dhigiteach a éascú i scoileanna, ionaid BO agus suíomhanna for-rochtana
11. Aghaidh a thabhairt ar ghléasanna a chur ar fáil do bhaill foirne a bhfuil baint acu le cláir oideachais a sholáthar i scoileanna, ionaid agus suíomhanna for-rochtana
12. Crua-earraí speisialtóra a chur ar fáil do mhúinteoirí/oidí/teagascóirí ábhair lena mbaineann sainriachtanais digiteacha agus tacú leo: Ríomheolaíochta na hArdteistiméireachta, Innealtóireacht na hArdteistiméireachta, Grafaic Dheartha agus Chumarsáide (DCG) na hArdteistiméireachta, Corpoideachas sa tSraith Shóisearach, Printíseachtaí TFBO agus cúrsaí TFBO (e.g. Forbairt Bogearraí) etc.
13. Réiteach clódóireachta a bheadh oiriúnach don fheidhm agus éifeachtach ó thaobh costais de a fhorbairt agus a fheabhsú i gcomhair gach scoil agus ionad
14. A chinntiú go mbeidh córais chuí chúltaca agus aisghabhála i bhfeidhm i ngach scoil agus ionad
15. A chinntiú go ndéanfar na crua-earraí go léir de chuid BOO Chiarraía athchúrsáil ar an mbealach is neamhdhíobhálaí don chomhshaoil agus is féidir
16. Tógáil ar an gcleachtas reatha, córais bhainistithe faisnéise agus córais íocaíochta a bheadh oiriúnach don fheidhm a fhorbairt agus a chothabháil do BOO Chiarraí e.g. Párolla, Íocaíochtaí Creidiúnaithe, Acmhainní Daonna, Pinsin, Rialú Stoic, Tinreamh Mac Léinn, Comhdú Digiteach, etc, rud a thugann deis dul i mbun Sheirbhísí Comhroinnte Párolla agus Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais
17. A chinntiú go n-úsáidfear bogearraí cuí agus go gcuirfear oiliúint ar fáil chun tacú le cur i bhfeidhm Sheirbhísí Comhroinnte Párolla agus Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais
18. Líonraí gan sreangna scoile a fhorbairt chun rochtain ad-hoc a thabhairt do mhic léinn nuair a iarrann múinteoirí sin

# Sprioc Straitéiseach 2:
## Teagasc agus foghlaim

***Príomhchúram:*** Uirlisí digiteacha a lánpháirtiú i ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama chun scileanna digiteacha mhic léinn/foghlaimeoirí a fhorbairt, chun tacú le comhoibriú agus chun deiseanna teagaisc agus foghlama a uasmhéadú

### An méid a dhéanfaimid

1. Pleananna ríomhfhoghlama a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i ngach scoil agus ionad sa scéim chun tacú le cur i bhfeidhm Chreat Digiteach na Roinne Oideachais agus Scileanna d'Iarbhunscoileanna agus Straitéis SOLAS um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) do BO
2. A chinntiú go mbeidh scileanna inniúlacht dhigiteach gnóthaithe ag gach mac léinn dara leibhéal agus ag gach foghlaimeoir BO mar chuid dá gclár staidéir
3. Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Office365 agus ar néal-uirlisí chun tacú le Straitéisí Developing Schools Enriching Learning (DSEL) agus FCT
4. Leanúint dár n-ábhar digiteach féin a fhorbairt le húsáid in éineacht le téacsleabhair thraidisiúnta
5. Leanúint de thacú le húsáid gléasanna mac léinn/foghlaimeoirí agus múinteoirí/oidí/teagascóirí i scoileanna/ionaid
6. Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na taisclanna acmhainní teagaisc agus foghlama digiteacha ar feadh ranna ábhar, Pobal Cleachtais agus clár
7. Leanúint d'uirlisí measúnaithe digiteacha a neadú i bhfoghlaim na mac léinn. Tús a chur le Measúnú Digiteach i gCorpoideachas na Sraithe Sóisearaí (idir foirmitheach agus suimitheach mar Measúnú Rangbhunaithe, MR) agus úsáid a bhaint as ríomhCholáiste chun ríomhPhunainn le haighaidh Measúnú i BO
8. Acmhainní a fhorbairt agus spéis mac léinn agus tuismitheoirí a mhúscailt ionas go dtacófar le mic léinn an teicneolaíocht a úsáid ar bhealach atá sábháilte agus sláintiúil.
9. Leanúint de chomhairliúchán a dhéanamh le páirtithe leasmhara (baill foirne, mic léinn, tuismitheoirí agus caomhnóirí) lena chinntiú go dtuigfear riachtanais phobail na scoileanna/na n-ionad go léir agus go ndéanfar pleanáil ina leith.
10. Leanúint de chomhionannas rochtana a chinntiú ach úsáid a bhaint as uirlisí TFC chun tacú le cur chuige aonair i gcás mhic léinn le Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) bunaithe ar a stíleanna foghlama agus ar a riachtanais foghlama aonair.
11. A chinntiú go dtacóidh na pleananna ríomhFhoghlama agus na straitéisí scileanna digiteacha go léir le pleananna teagaisc agus foghlama, le Féinmheastóireacht Scoileanna (FS), le pleananna DEIS (Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh), le Pleananna Feabhsúcháin Scoile (SIP), agus go mbeidh siad ag teacht leo agus neadaithe iontu.
12. Leanúint de Scileanna Digiteacha a neadú i Siollabais Nua sa tSraith Shóisearach
13. Leanúint de ráitis maidir le Cleachtas Éifeachtach agus An-Éifeachtach ón gCreat Digiteach d'Iarbhunscoileanna a chur i bhfeidhm.
14. Tacú le clár Ríomheolaíochtana Sraithe Sinsearaí atá á chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach ag Coláiste na Ríochtaagus cláir chóid a fhorbairt ar leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí ar feadh scoileanna.
15. Rannpháirtíocht a mhéadú agus clár foghlama cumaisc reatha Matamaitic Fheidhmeach de chuid BOO Chiarraía neadú tuilleadh; Réitigh chumaisc agus ríomhFhoghlama bhreise a fhorbairt chun ár soláthar curaclaim reatha a leathnú amach.
16. Cúrsa Breisoideachais foghlama cumaisc a sholáthar ar bhonn píolótach
17. Leanúint de cheannaireacht agus nuáil a chur ar fáil i gcúrsaí BO sna Meáin Dhigiteacha, i mBeochan, i bhFís agus Fuaim agus i bhForbairt Bogearraí.
18. Leanúint dár soláthar Printíseachtaí TFC ina dtugtar aghaidh ar an tionscal a leathnú amach, i gcomhar le FIT
19. Caidreamh a dhéanamh leis an tionscal lena chinntiú go mbeidh ár gcláir ag teacht le dea-chleachtas agus go mbeidh siad seasmhach i leith na todhchaí.

# Sprioc Straitéiseach 3:
## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) don Fhoireann

***Príomhchúram:*** Clár FGL bunaithe ar TFC a phleanáil, a fhorbairt agus a sholáthar don fhoireann, agus deiseanna a chur ar fáil chun tairbhe a bhaint teicneolaíochtaí digiteacha nua agus iad sin atá ag teacht chun cinn.

### An méid a dhéanfaimid:

1. Cumas áitiúil a fhorbairt maidir le scileanna digiteacha na foirne a fhorbairt le húsáid sa teagasc agus san fhoghlaim ach Seaimpíní Digiteacha a cheapadh i ngach scoil agus ionad, agus ceannaireacht agus tacaíocht a sholáthar do bhaill foirne eile ar a bhfoirne.
2. Tacú le bunú acmhainní agus crua-earraí sa seomra ranga chun ábhar nua a sholáthar agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí nua agus iad atá ag teacht chun cinn.
3. Tacú le Seaimpíní Digiteacha le hoiliúint straitéiseach chun cumas digiteach a thógáil, ceannaireacht dhigiteach a thógáil agus soláthar chláir BOO Chiarraí a éabhlóidiú, agus chun éifeachtacht na gcóras bainistithe riaracháin/ bainistíochta a uasmhéadú.
4. Tacaíocht sonrach TFCa fhorbairt d'oidí agus do theagascóirí BO chun tacú leis an bhfoireann úsáid a bhaint as TFC don teagasc agus don fhoghlaim, agus chun cabhrú le spriocanna ghnéithe Breisoideachais agus Oiliúna i Straitéis TFC BOO Chiarraí a bhaint amach.
5. Pobal Cleachtais TFCa fhorbairt agus tacú leis, chun tacú le soláthar StraitéisFCT de chuid SOLAS
6. Cláir in-seirbhíse sonracha a sholáthar, agus iad bunaithe ar uirlisí digiteacha, agus dul i ngleic leis na riachtanais arna sainaithint ag an mbainistíocht agus ag an bhfoireann chun freastal ar riachtanais TFC a bhíonn ag éabhlóidiú.
7. Uirlisí TFC agus teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn a neadú i ngach clár reatha FGLgo córasach.
8. Áiseanna ríomhCholáiste SOLAS a úsáid chun FGL a fheabhsú
9. Múinteoirí/oidí/teagascóiría spreagadh agus a éascú chun ardscileanna digiteacha a ghnóthú, amhail saineolas sa chódú, d'fhonn cumas chláir BOO Chiarraí a mhéadú, go háirithe chun cur leis an gcumas Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta a thógáil.
10. Oiliúint chuí a chinntiú do gach ball foirne agus mac léinn de chuid BOO Chiarraímaidir le neamhfhreagracht ó thaobh slándáil na sonraí agus na gcóras go léir de chuid BOO Chiarraí
11. Leas a bhaint as scileanna soláthróirí tríú páirtí chun soláthar oiliúna d'fhoireann BOO Chiarraí a fheabhsú
12. Oiliúint ar néal-uirlisí, go háirithe OneDrive, OneNote, Excel agus SharePoint, a chur ar fáil mar fhreagra ar an gcomhairliúchán faoi riachtanais foirne agus chun tacú le plean cumarsáide riaracháin
13. A fháil amach an féidir clár cumaisc FGLa sholáthar, bunaithe ar an tslí le néal-uirlisí a úsáid i BOO Chiarraí.

# Sprioc Straitéiseach 4:

## Organisational Communications

***Príomhchúram:*** Samhail chumarsáide a fhorbairt don eagraíocht go léir a thabharfaidh deis don fhoireann TFC a úsáid chun cur le táirgiúlacht, chun éifeachtúlachtaí a chruthú agus chun a gcuspóirí a bhaint amach

### An méid a dhéanfaimid:

1. Aitheantóir uathúil amháin abhunú, e.g. seoladh ríomhphoist amháin, do gach úsáideoir laistigh de WAN BOO Chiarraí, chun cumarsáid éifeachtach a uasmhéadú agus chun logáil isteach éifeachtúil agus rochtain chomhleanúnach ar sheirbhísí TFCa uasmhéadú
2. An fhoireann go léir a nascadhle WAN BOO Chiarraí, struchtúir chumarsáide éifeachtacha a chruthú (amhail grúpaí, ranganna)agus tús a chur le rolladh amach uirlisí nua e.g. Skype for Business etc
3. Láithreáin ghréasáin a athstruchtúrú chun cumarsáid a fheabhsú, i gcás gach láithreán gréasáin de chuid scoileanna/ionaid/chláir BOO Chiarraí
4. Aip BOO Chiarraí a fhorbairt chun freastal ar riachtanais mac léinn agus tuismitheoirí i gcás scoileanna
5. Leanúint de láithreacht BOO Chiarraí ar na meáin shóisialta a fhorbairt, chun cumarsáid leis an bpobal níos leithne a fheabhsú agus chun an fhaisnéis is cothroime le dáta a thabhairt don fhoireann
6. An fhoireann a spreagadh rochtain a fháil ar SharePoint BOO Chiarraí agus leanúint den acmhainn sin a fhorbairt agus a fheabhsú
7. OneNote agus Teams a neadú ar bhealach córasach chun baill foirne ábhartha a nascadh le faisnéis chothrom le dáta agus chun faisnéis faoi dhea-chleachtas a scaipeadh.
8. Leanúint d’athbhreithniú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun cumarsáid a fheabhsú don eagraíocht go léir
9. Féachaint lenár dtomhaltas páipéir a íoslaghdú agus taifid a choimeád i bhformáid dhigiteach nuair is féidir sin, i gcomhréir lenár n- oibleagáidíó thaobh Coinneáil Sonraí agusCosaint Sonraí
10. Ár scileanna sna meáin sóisialta, i gcumarsáid dhigiteach agus i scileanna margaíochta a fheabhsú chun cabhrú le cumarsáid éifeachtach le páirtithe leasmhara agus le mic léinn ionchasacha
11. Leanúint de láithreán gréasáin BOO Chiarraía fhorbairt chun freastal ar riachtanais reatha na foirne, na mac léinn agus an phobail i gcoitinne
12. Córais láimhe, pháipéar-bhunaithe a athsholáthar le córais dhigiteacha nuair is féidir sin chun luas a mhéadú, dúbláil a laghdú agus luas cumarsáide a fheabhsú
13. Córais uathoibrithe a fhorbairt nuair is féidir sin chun éifeachtúlacht a mhéadú agus ualach oibre na foirne a laghdú

# Sprioc Straitéiseach 5:
## Rialachas, Córais, Slándáil & Sábháilteacht

***Príomhchúram:*** Beartais, nósanna imeachta agus córais éifeachtacha chun slándáil bhonneagar TFC, faisnéis agus sonraí BOO Chiarraí a chinntiú, agus lena chinntiú go mbeimid ag comhlíonadh ár n-oibleagáidí maidir le cosaint sonraí

### An méid a dhéanfaimid:

1. Cultúr a chothú maidir le cosaint sonraí agus slándáil ar feadh BOO Chiarraí (idir an fhoireann agus na mic léinn) chun sláine sonraí BOO Chiarraíagus comhlíonadh ár n oibleagáidí cosanta sonraí a chinntiú.
2. Bonneagar beartais a fhorbairt chun tacú leis an eagraíocht go léir aistriú chuig Líonra Achair Fhairsing.
3. A chinntiú go soláthraíonn gach cuideachta tacaíochta TFCtacaíochtaí leordhóthanacha do BOO Chiarraí.
4. Beartais chuí a fhorbairt go lárnach chun tacú le scoileanna agus le hionaid (e.g. Beartas Úsáide Inghlactha (BÚI), an beartas Beir Leat do Ghléas Féin (BLGF); A chinntiú go rachfar i mbun comhairle na foirne agus na mac léinn maidir leis na beartais sin agus go gcuirfear i bhfeidhm iad.
5. Athbhreithniúagus meastóireacht rialta a dhéanamh ar an úsáid a mbaintear as córais/ acmhainní TF indáil le héifeachtúlacht agus éifeachtach agus slándáil ar fud na scéime.
6. Bonneagar gléasanna móibíleacha a chur i bhfeidhm a chosnóidh sonraí agus slándáil BOO Chiarraíagus a ligfidh don solúbthacht a theastaíonn maidir le teagasc agus foghlaim.
7. Oiliúint i gcibearshlándáil a chur ar fáil do gach ball foirne/mac léinn/foghlaimeoir chun sláine líonraí BOO Chiarraía chosaint.
8. Leanúint de chórais bainistithe chun córais faisnéis bhainistíochta a fhorbairt do scoileanna agus d'ionaid.
9. A chinntiú go bhfaighidh gach ball foirne agus mac léinn de chuid BOO Chiarraí ionduchtú cuí sula rachaidh siad isteach sa líonra, lena n-áireofar rochtain fhreagrach agus shlán ar chórais faisnéis bhainistíochta scoil-bhunaithe.
10. Taighde a dhéanamh ar chórais socraithe amchláir TF chuí, iad a shuiteáil agus a chothabháil i ngach ionad BOar fud na scéime.
11. Córais/feabhsúcháin TF nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, a thacóidh le córais riaracháin éifeachtúla ar fud na scéime.
12. Bonneagar néil BOO Chiarraía fhorbairt, agus tacú leis, chun úsáid éifeachtach néal-stórála agus néal-uirlisí a chinntiú.
13. A chinntiú go bhfuil plean athshlánaithe ó thubaiste agus plean leanúnachais gnó ar bun ag BOO Chiarraíchun sláine sonraí agus comhleanúnachas sheirbhísí BOO Chiarraí a chinntiú.
14. Úsáid a bhaint as WAN BOO Chiarraíchun tacú le haisghabháil sonraí agus le próisis chúltaca ar feadh na heagraíochta

# Athbhreithniú

Seans go mbeadh athbhreithniú nó athchóiriú ar roinnt de na tascanna arna sainaithint sa straitéis seo de dhíth mar gheall ar nádúr athraitheach na teicneolaíochta agus mar gheall ar an timpeallacht ina n-oibríonn BOO Chiarraí.

Ag tógáil ar an gcur chuige rathúil a úsáideadh go dtí seo maidir leis an Straitéis TFC a fhorbairt, agus ag foghlaim ón Straitéis TFC 2014-2018, glacfaidh an Coiste Forbartha Straitéise TFC ról nua mar Choiste Feidhmithe, ar an straitéis a fhoilsiú.

An teimpléad thíos maidir le cur i bhfeidhm an athbhreithnithe a bheidh mar bhunús don tuairisciú bliantúil agus déanfar é maidir le gach sprioc agus gníomh sa straitéis. Tá amlíne ag dul le gach gníomh, chomh maith le ball foirne ceannaireachta a dhéanfaidh maoirsiú ar an seachadadh.

Tiocfaidh an Coiste Feidhmithe sin le chéile dhá uair sa bhliain chun athbhreithniúa dhéanamh ar chur i bhfeidhm na spriocanna straitéiseacha agus na dtascanna gaolmhara, 2019 agus 2022.

## Teimpléad Bliantúil do Chur i bhFeidhm an Athbhreithnithe

| Sprioc | Príomhchúram | Gníomhartha<br>An méid a dhéanfaimid | Bainte amach in 2019 | Ceannaire |
|---|---|---|---|---|
| **Bonneagar TF** | Líonraí, gléasanna, forimeallaigh agus uirlisí bogearraí atá oiriúnach don fheidhm a bhunú chun tacú le teagasc agus foghlaim Chórais Faisnéis Bhainistíochta | 1. Ollstruchtúr comónta Líonra Achair Logánta (LAN) a fhorbairt i ngach ionad BO ag teacht le bonneagar reatha na scoileanna | | |
| | | 2. | | |
| | | 3. | | |
| | | 4. | | |
| | | 5. | | |
| | | 6. | | |
| | | 7. | | |
| | | 8. | | |

# Tátal

Tá athrú mór tagtha ar an earnáil Oideachais agus Oiliúna le déanaí, amhail bunú na mBord Oideachais agus Oiliúna agus SOLAS, Athchóiriú ar an tSraith Shóisearach, Athchóiriú ar an tSraith Shinsearach, etc. Tá an teicneolaíocht ag athrú níos tapúla ná riamh roimhe seo. Is scil saoil bhunúsach do chách í an inniúlacht dhigiteach sa tsochaí sin againne.

Leis na Spriocanna Straitéiseacha seo, cuirtear bunús ar fáil do BOO Chiarraíchun freagra dinimiciúil a thabhairt ar riachtanais teicneolaíochta na foirne agus na mac léinn amach anseo agus cuirtear treochlár ar fáil chun feabhsú agus tacú le húsáid TFC agus uirlisí digiteacha, d'fhonn teagasc agus foghlaimagus cleachtais riaracháin a fheabhsú i BOO Chiarraí.Chun an straitéis a chur i bhfeidhm go rathúil, déanfar tagairt don TFC chun tacú le 1) Teagasc agus Foghlaim agus 2) Riarachán agus Bainistiú.

Cé go mbeifear ag brath ar acmhainní, leagtar amach sa straitéis seo fís réalaíoch chun TFC agus uirlisí digiteacha a fhorbairt agus a fheabhsú ar fud na scéime sa tréimhse 2019-2022 chun leasa foghlaimeoirí/mac léinn, na foirne go léir agus an phobail.

I ré seo na teicneolaíochta, tá sé ríthábhachtach ó thaobh na straitéise de, scrúdú a dhéanamh ar an tslí a fhéadfaidh úsáid a bhaint as TFC agus as uirlisí digiteacha cabhrú agus tacú le próiseas an athraithe, agus plé le riachtanais athraitheacha ár bhfoghlaimeoirí, ár bhfoirne agus na sochaí i gcoitinne. Ach na Spriocanna Straitéiseacha agus na gníomhartha gaolmhara arna leagan amach sa straitéis seo a chur i bhfeidhm go hiomlán, cinnteofar go mbeidh BOO Chiarraí in áit mhaith chun poitéinseal na dteicneolaíochtaí nua a uasmhéadú, an tráth seo ina bhfuil athrú nach bhfacthas riamh cheana ag teacht ar an teicneolaíocht.

# *Gluais*

| | |
|---|---|
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| ROS | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| SOLAS | Seirbhísí Oideachais Leanunaigh agus Scileanna |
| SDOG | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| SÓDC | Seirbhísí Óige Dheoise Chiarraí |
| TFO | An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas |
| POF | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| OO | Oifigeach Oideachais |
| RSO | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| ETF | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
| IA | Iar-Ardteistiméireacht |
| BO | Breisoideachas agus Oiliúint |
| FCT | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |
| TFE | Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |
| LAN | Líonra Achair Logánta |
| WAN | Líonra Achair Fhairsing |
| MAN | Líonra Achar Cathrach |
| PC | Ríomhaire Pearsanta |
| MR | Measúnú Rangbhunaithe |
| Néal | Comhaid agus cláir a stóráil agus a rochtain ar an idirlíon seachas ar tiomántán crua ríomhaire |
| Office365 | Néal-ardán Microsoft, ina bhfuil ríomhphost, néal-stóráil agus cláir chomhtháite Office e.g. Word |
| SharePoint | Spás gréasáin inoiriúnaithe áit ar féidir le húsáideoirí rochtain a fháil ar cháipéisí, ar fhoirmeacha agus ar bheartais |

# Aguisín 1:
## Coiste Forbartha Straitéise TFC

| | |
|---|---|
| Colm McEvoy | Lároifig BOO Chiarraí |
| Ann O'Dwyer | Lároifig BOO Chiarraí |
| Owen O'Donnell | Lároifig BOO Chiarraí |
| Maria Brennan | Lároifig BOO Chiarraí |
| Karen O'Connor | Lároifig BOO Chiarraí |
| Jeremy Wrenn | Lároifig BOO Chiarraí |
| Brian Spillane | Lároifig BOO Chiarraí |
| Michael Woulfe | Lároifig BOO Chiarraí |
| Malcolm O'Sullivan | Lároifig BOO Chiarraí |
| Brigid Fitzmaurice | Lároifig BOO Chiarraí |
| Tommy Conroy | Lároifig BOO Chiarraí |
| Trish Hayes | Lároifig BOO Chiarraí |
| Donal O'Reilly | Coláiste Pobail Chill Orglan |
| Gavin Quinlivan | Coláiste Pobail Chill Orglan |
| Donncha Hickie | Coláiste Pobail Oileán Ciarraí |
| Eilish O'Leary | Coláiste Pobail Chill Airne |
| Stephen Goulding | Coláiste Chiarraí, Campas Lios Tuathail |
| Con O'Sullivan | Coláiste Chiarraí, Campas Thrá Lí |
| Brian O'Shea | Coláiste Chiarraí, Campas Thrá Lí |

# *Aguisín 2:*
## *Cláir agus Lárionaid BOO Chiarraí*

- **8 Scoil Dara Leibhéal**
  Coláiste Pobail Oileán Ciarraí, Scoil Chuimsitheach An Tóchair, Coláiste na Sceilge i gCathair Saidhbhín, Coláiste Pobail Chill Airne, Coláiste Pobail Chill Orglan, Coláiste Pobail Lios Tuathail, agus Gaelcholáiste Chiarraí & Coláiste Ghleann Lí i dTrá Lí.

- **3 Scoil Náisiúnta Phobail**
  SNP TWO Mile agus Pobal Scoil Náisiúnta an Ghleanna. SNP Thathuile

- **ColáisteBreisoideachas agus Oiliúna Chiarraí,** Campas na Claise (Trá Lí), Campas Mhóin an Bhaile (Trá Lí), Campas Shráid Deiní (Trá Lí) & Campas Lios Tuathail.

- 5 Ionad Oideachais d'Aosaigh (Ionad Uí Chonaill i gCathair Saidhbhín, An Tóchar, Ionad Oideachais d'Aosaigh Neidín, Tech Amergin sa Choireán).

- 5 Chlár SDOG (Trá Lí, Cill Airne, Lios Tuathail, Ciarraí Theas).

- 5 Chlár Ógtheagmhála: Ciarraí Theas, Trá Lí (2), Cill Airne agus Lios Tuathail

- 8 gClár Litearthachta agus Bunoideachais d'Aosaigh (Cathair Saidhbhín, Oileán Ciarraí, Daingean Uí Chúis, Neidín, Cill Airne, Cill Orglan, Lios Tuathail, Trá Lí).

- Clár de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO) ar fud an chontae.

- Clár Oideachas Pobail ar fud an chontae.

- Clár Ranganna Oíche á thairiscint i Scoileanna agus in Ionaid Oideachais d'Aosaigh.

- Seirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh ar fud an chontae.

- Ceapaigh na Lao, an tIonad Náisiúnta um Oideachas agus Oiliúint Allamuigh & Ionad Oideachais Pháirc Náisiúnta Chill Airne.

- Ionad Réigiúnach Fóillíochta agus Spóirt Thrá Lí, cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, faoi chomh-úinéireacht BOO Chiarraí agus Comhairle Baile Thrá Lí.

# *Aguisín 3:*
## *Ceistneoir faoin Straitéis TFC 2018 – 2022*

Ceistneoir do múinteoirí/oidí/teagascóiríle bheith mar bhonn faisnéise don straitéis nua TFC 2019 – 2022

1. Cén scoil/ionad/clár ina múineann tú?

   ______________________________

2. An bhfuil Wi-Fi i do scoil/ionad?
   - ◯ Tá
   - ◯ Níl

3. An bhfuil an Wi-Fi sa scoil/ionad éifeachtach chun freastal ar do riachtanais?
   - ◯ Tá
   - ◯ Níl

4. Mura bhfuil an Wi-Fi sa scoil/ionad ag freastal ar do riachtanais, cén fáth?

   ______________________________

5. An bhfuil an t-osteilgeoir ag freastal ar do riachtanais?
   - ◯ Tá
   - ◯ Níl

6. Mura bhfuil an t-osteilgeoir ag freastal ar do riachtanais, cén fáth?

   ______________________________

7. An bhfuil tú in ann gléas eile (e.g. ríomhaire glúine) a nascadh leis an osteilgeoir (gan tacaíocht shonrach TF)?
   - ◯ Tá
   - ◯ Níl
   - ◯ N/A

8. An bhfuil gá le nasc gan sreang chuig an osteilgeoir is minice a úsáideann tú?
   - ◯ Tá
   - ◯ Níl

9. An bhfuil áiseanna reatha priontála do scoile/ionaid ag freastal ar do riachtanais?
   - ◯ Tá
   - ◯ Níl

10. Mura bhfuil áiseanna reatha priontála do scoile/ionaid ag freastal ar do riachtanais, cén fáth?

    ______________________________

11. An bhfuil na ríomhairí glúine a úsáidtear i do scoil/ionad oiriúnach don fheidhm?
    - ◯ Tá
    - ◯ Níl

12. An bhfuil rochtain leordhóthanach agat ar ríomhairí?
    - ◯ Tá
    - ◯ Níl

13. An bhfuil an stáisiún oibre ríomhaire glúine don múinteoir/oide/teagascóir sa seomra ranga oiriúnach don fheidhm?
    - ◯ Tá
    - ◯ Níl

14. Dá mbeadh rochtain agat ar mhúr gléasanna móibíleacha an mbainfeá úsáid astu?
    - ◯ Bhainfinn
    - ◯ Ní bhainfinn

15. An mbeifeá compordach le mic léinn/foghlaimeoirí ag tabhairt a ngléasanna féin chuig an rang le bheith ag obair orthu?
    - ◯ Ní bhainfinn
    - ◯ Bhainfinn

16. An gceapann tú gur mhodh cumarsáide áisiúil a bheadh i dtáibléid/aip fón cliste scoile/ionaid chun teagmháil a dhéanamh le foghlaimeoirí/tuismitheoirí?
    - ◯ Ceapann
    - ◯ Ní cheapann

17. Cad iad na feidhmeanna is coir a bheith ar fáil ar tháibléid/aip fón cliste scoile/ionaid?

_______________________________________

18. An úsáideann tú na Meáin Shóisialta i do scoil/ionad?
◯ Twitter
◯ Facebook
◯ Instagram
◯ Snapchat
◯ Ní úsáidimid na meáin shóisialta

19. Cad é an bac is mó ó thaobh freastal ar riachtanais TFC? ___________________________

___________________________________________

___________________________________________

20. An mbeadh suim agat i scéim chun gléas pearsanta a cheannach do mhúinteoir/oide/teagascóir (costas le baint as tuarastal thar thréimhse ama. Ach bulcmhéideanna a cheannach ba chóir go mbeadh lascaine ar phraghsanna gléasanna) dá gcuirfeadh BOO Chiarraí ar fáil í?
◯ Bheadh
◯ Ní bheadh

21. An bhfuil cur amach agat ar Chreat Digiteach ROS d'Iarbhunscoileanna agus/nó ar Straitéis FCT BO?
◯ Tá
◯ Níl

22. Is éard é ardán fíorúil foghlama (AFF), córas ar líne a thugann deis do mhúinteoirí/oidí/teagascóirí ábhair oideachais a roinnt lena bhfoghlaimeoirí ar an ngréasán, e.g. Moodle agus Blackboard. An mbeadh suim agat iontu chun tacú le do mhúinteoireacht?
◯ Bheadh
◯ Ní bheadh

23. Cé chomh minic a bhíonn TFC mar chuid de do mhúinteoireacht?
◯ Gach lá– i ngach rang
◯ Gach lá – i bhformhór na ranganna
◯ Go minic – cúpla uair sa tseachtain
◯ Go hAnnamh – úsáidim go fíor-annamh é
◯ Riamh – ní úsáidim riamh é

24. Cé chomh minic a bhíonn TFC mar chuid de do mheasúnú?
◯ Gach lá – úsáidim gach lá é
◯ Go minic – cúpla uair sa tseachtain
◯ Go hAnnamh – úsáidim go fíor-annamh é
◯ Riamh – ní úsáidim riamh é

25. Cé na modhanna TFC úsáideann tú i do sheomra ranga? (Roghnaigh gach ceann ábhartha)
◯ Nótaí/téacs a thaispeáint ar osteilgeoir
◯ Amharcléiritheoir a úsáid
◯ Físeáin YouTube nó ábhar idirlín a thaispeáint
◯ Kahoot/OneNote/aip foghlama eile

26. An roinneann tú inneachar digiteach le do phiaraí i doroinn ábhair?
◯ Roinneann
◯ Ní roinneann

27. An roinneann tú inneachar digiteach le domhic léinn/lucht foghlama?
◯ Roinneann
◯ Ní roinneann

28. Má roinneann, cad a úsáideann tú chun é a roinnt? (e.g. ríomhphost, OneNote)

___________________________________________

29. An dtugann tú cead do mhic léinn/foghlaimeoirí a ngléasanna féin a úsáid i do rang e.g. a bhfóin chun pictiúr den obair bhaile scríofa ar an gclár a thógáil?
◯ Tugann, tugaim cead do mhic léinn a bhfóin a úsáid nuair is cuí
◯ Ní thugann, ní thugaim cead, riamh

30. Mura dtugann tú cead do mhic léinn/foghlaimeoirí a ngléasanna féin a úsáid i do rang, cén fáth?

_________________________________________

31. An gceapann tú gur chóir do mhúinteoirí/oidí/teagascóirí a bheith freagrach úsáid freagrach as gléas pearsanta a mhúineadh do mhic léinn?

___________________________________________

___________________________________________

___________________________________________

32. An gceapann tú go mbíonn mic léinn dearfach faoin úsáid a mbaineann tú as TFC i do ranganna?
◯ Bíonn
◯ Ní bhíonn
◯ Níl a fhios agam

33. An bhfuil cúrsa TFCdo mhic léinn na Sraithe Sóisearaí i do scoil, go bhfios duit?
◯ Tá
◯ Níl
◯ N/A

34. An bhfuil múinteoirí tiomnaithe Ríomheolaíochta agus/nó oidí/teagascóirí TF i do scoil?
◯ Tá
◯ Níl

35. An bhfuil aon tuairim eile agat faoi TFC a úsáid le teagasc, foghlaim agus measúnú do mhic léinn/foghlaimeoirí?
______________________________________________
______________________________________________
______________________________________________

36. An bhfuair tú aon FGLi TFCle bliain anuas?
◯ Fuair
◯ Ní bhfuair

37. Má fuair tú FGLle bliain anuas, ar fhreastail sí ar do riachtanais?
◯ D'fhreastail
◯ Níor fhreastail

38. Murar fhreastail anFGL a fuair tú ar do riachtanais, cén fáth?
______________________________________________

39. An dteastaíonn FGLuait faoi láthair maidir le TFC a úsáid don teagasc agus don fhoghlaim?
◯ Teastaíonn
◯ Ní theastaíonn

40. Má theastaíonn FGL uait faoi láthair maidir le TFCa úsáid don teagasc agus don fhoghlaim, cad iad na tosaíochtaí atá agat?
______________________________________________
______________________________________________
______________________________________________

41. Ab fhearr leat FGL a chuirfí ar fáil go lárnach nó go háitiúil?
◯ Suíomh lárnach
◯ Ag do scoil/ionad

42. I do thuairim, cad é an riachtanas FGL is tábhachtaí ó thaobh TF atá de dhíth i do scoil/ionad?
______________________________________________
______________________________________________
______________________________________________

43. Cé chomh minic a ndéanann tú rochtain ar ríomhphost do scoile/ionaid?
◯ Gach lá
◯ Gach seachtain
◯ Gach mí
◯ Riamh

44. Cé chomh minic a ndéanann tú rochtain ar ríomhphost do d'fhoireann BOO Chiarraí?
◯ Gach lá
◯ Gach seachtain
◯ Gach mí
◯ Riamh

45. An bhfuil tú ar an eolas faoi láithreán SharePoint BOO Chiarraí ina bhfuil Beartais Foirne BOO Chiarraí?
◯ Tá, agus tá cuairt tugtha agam air
◯ Tá, agus níl cuairt tugtha agam air fós
◯ Nílim ar an eolas faoi

46. Cad é an tuiscint atá agat faoi láthair ar bheartas do scoile/ionaid maidir le Cosaint Sonraí?
◯ An-mhaith
◯ Go maith
◯ Réasúnta
◯ Oiliúint bhreise de dhíth

47. An bhfuil Beartas Úsáide Inghlactha ag do scoil/ionad, go bhfios duit?
◯ Tá
◯ Níl

48. An bhfuil Beartas "Beir Leat do Ghléas Féin" (BLGF) ag scoil/ionad, go bhfios duit?
◯ Tá
◯ Níl

# *Aguisín 4:*

## *Ceistneoir um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta*

### Ceistneoir um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochtana Straitéise TFC

1. Cén scoil/ionad ina n-oibríonn tú?

   ________________________________________

2. Cén chatagóir foirne lena mbaineann tú?
   - ◯ Riarachán
   - ◯ Cothabháil

3. An bhfuil rochtain leordhóthanach agat ar  PC i do scoil/ionad?
   - ◯ Tá
   - ◯ Níl

4. An bhfuil rochtain ar an idirlíon agat ag an obair?
   - ◯ Tá
   - ◯ Níl

5. An bhfuil rochtain agat ar dhuine tacaíochta TFCchun tacú leat TFC a úsáid?
   - ◯ Tá
   - ◯ Níl

6. An bhfuil a fhios agat go bhfuil beartais agus nósanna imeachta BOO Chiarraíar fáil go lárnach ar Ardán SharePoint Bheartas Ríomhphoist na Foirne Uile?
   - ◯ Tá
   - ◯ Níl

7. An bhfuil rochtain déanta agat ar an SharePoint Beartais ar do ríomhphost foirne?
   - ◯ Tá
   - ◯ Níl

8. Mura bhfuil, cad a chabhródh leat rochtain a fháil ar an SharePoint Beartais?

   ________________________________________

9. I do ról, an bhfuil faisnéis a bheadh chun do leasa, le roinnt le daoine eile, nó le bheith roinnte leat? Tabhair mionsonraí.

   ________________________________________

10. An bhfuil tú ar an eolas faoi na cuntais mheáin shóisialta atá ag do roinn/scoil/ionad?
    - ◯ Tá
    - ◯ Níl

11. Má tá, tabhair mionsonraí

    ________________________________________

12. An bhfuil rochtain ar na meáin shóisialta de dhíth ort mar chuid de do ról?
    - ◯ Tá
    - ◯ Níl

13. Má tá rochtain ar na meáin shóisialta de dhíth ort mar chuid de do ról, cén ardáin/ardáin a bhfuil rochtain air/orthu de dhíth ort agus cén fáth?

    ________________________________________

14. Cén tslí ar cheart TFCa úsáid don chumarsáid eagraíochtúil?

    ________________________________________

15. Cé chomh minic a ndéanann tú rochtain ar do chuntas ríomhphoist Foirne Uile?
    - ◯ Gach lá
    - ◯ Gach seachtain
    - ◯ Gach mí
    - ◯ Riamh

16. Cé chomh minica ndéanann tú rochtain ar chuntas ríomhphoist do scoile/na ceannoifige?
   - ◯ Gach lá
   - ◯ Gach seachtain
   - ◯ Gach mí
   - ◯ Riamh

17. An gceapann tú go mbeadh aip scoile áisiúil chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí?
   - ◯ Ceapann
   - ◯ Ní cheapann
   - ◯ N/A

18. An ndéanann tú comhoibriú digiteach le do chomhghleacaithe, e.g. obair i gcomhar ar an gcáipéis/acmhainn dhigiteach chomhroinnte chéanna?
   - ◯ Déanann
   - ◯ Ní dhéanann

19. Má dhéanann, cad iad na pacáistí a úsáideann tú don obair sin?
   - ◯ Word
   - ◯ Excel
   - ◯ OneNote

20. Ar chláraigh tú le haghaidh Duillíní Pá Leictreonacha?
   - ◯ Chláraigh
   - ◯ Níor chláraigh

21. Murar chláraigh, cén fáth?

   ___________________________________________

   ___________________________________________

   ___________________________________________

22. I do sceideal oibre laethúil, cé chomh héasca atá sé ríomhphost a sheoladh?
   - ◯ Éasca
   - ◯ Measartha
   - ◯ Deacair
   - ◯ Dodhéanta

23. I do sceideal oibre laethúil, cé chomh héasca atá sé ríomhphost a scanadh?
   - ◯ Éasca
   - ◯ Measartha
   - ◯ Deacair
   - ◯ Dodhéanta

24. I do sceideal oibre laethúil, cé chomh héasca atá sé brabhsáil ar an idirlíon?
   - ◯ Éasca
   - ◯ Measartha
   - ◯ Deacair
   - ◯ Dodhéanta

25. Ido sceideal oibre laethúil, cé chomh héasca atá sé cáipéis/beartas a phriontáil?
   - ◯ Éasca
   - ◯ Measartha
   - ◯ Deacair
   - ◯ Dodhéanta

26. I do sceideal oibre laethúil, cé chomh héasca atá sé rochtain a fháil ar do chuntas ríomhphoist foirne?
   - ◯ Éasca
   - ◯ Measartha
   - ◯ Deacair
   - ◯ Dodhéanta

27. I do sceideal oibre laethúil, cé chomh héasca atá sé féachaint ar Bheartais maidir le SharePoint Beartais BOO Chiarraí?
   - ◯ Éasca
   - ◯ Measartha
   - ◯ Deacair
   - ◯ Dodhéanta

28. Sa chás gur fhreagair tú deacair nó dodhéanta le 6 cheist anuas, sonraigh na deacrachtaí ar easpa rochtana ar threalamh TFC nó easpa scileanna is cúis leo.

   ___________________________________________

   ___________________________________________

   ___________________________________________

29. An bhfuil a láithreán gréasáin féin ag do scoil/ionad a dtugtar cothrom le dáta go minic é?
   - ◯ Tá
   - ◯ Níl

30. Ar chóir do scoileanna/ionaid/do cheannoifigBOO Chiarraídul isteach in aon líonra TFC amháin (Líonra Achair Fhairsing)?
    - ◯ Ba chóir
    - ◯ Níor chóir

31. Cad é an bac is mó ar úsáid TFC i do shaol oibre?
    ______________________________
    ______________________________
    ______________________________

32. An bhfuil tú ar an eolas faoi na córais chúltaca/aisghabhála sonraí atá ar bun i do roinn/scoil/ionad?
    - ◯ Tá
    - ◯ Níl

33. Cé na nósanna imeachta a leanann tú chun sábháilteacht sonraí na roinne/na scoile/an ionaid a bhfuil smacht agat orthu?
    ______________________________
    ______________________________
    ______________________________

34. An dtuigeann tú na freagrachtaí atá ort i leith TFCmaidir le Cosaint Sonraí?
    - ◯ Tuigeann
    - ◯ Ní thuigeann

35. An dtuigeann tú na freagrachtaí atá ort i leith TFC maidir le Saoráil Faisnéise?
    - ◯ Tuigeann
    - ◯ Ní thuigeann

36. An dtuigeann tú na freagrachtaí atá ort i leith TFC maidir le Coinneáil Sonraí?
    - ◯ Tuigeann
    - ◯ Ní thuigeann

37. An dtuigeann tú na freagrachtaí atá ort i leith TFC maidir le Diúscairt Cáipéisí?
    - ◯ Tuigeann
    - ◯ Ní thuigeann

38. An dtuigeann tú na freagrachtaí atá ort i leith TFC maidir le Beartais TFC Eagraíochtúil?
    - ◯ Tuigeann
    - ◯ Ní thuigeann

39. Tabhair rátáil ar do scileanna in Word
    - ◯ Lag
    - ◯ Measartha
    - ◯ Go maith
    - ◯ Go han-mhaith

40. Tabhair rátáil ar do scileanna in Excel
    - ◯ Lag
    - ◯ Measartha
    - ◯ Go maith
    - ◯ Go han-mhaith

41. Tabhair rátáil ar do scileanna Ríomhphoist
    - ◯ Lag
    - ◯ Measartha
    - ◯ Go maith
    - ◯ Go han-mhaith

42. Tabhair rátáil ar do scileanna in Outlook
    - ◯ Lag
    - ◯ Measartha
    - ◯ Go maith
    - ◯ Go han-mhaith

43. Tabhair rátáil ar do scileanna in PowerPoint
    - ◯ Lag
    - ◯ Measartha
    - ◯ Go maith
    - ◯ Go han-mhaith

44. Tabhair rátáil ar do scileanna in Publisher
    - ◯ Lag
    - ◯ Measartha
    - ◯ Go maith
    - ◯ Go han-mhaith

45. Tabhair rátáil ar do scileanna in OneNote
    - ◯ Lag
    - ◯ Measartha
    - ◯ Go maith
    - ◯ Go han-mhaith
    - ◯ N/A

46. Tabhair rátáil ar do scileanna in SharePoint
    - ◯ Lag
    - ◯ Measartha
    - ◯ Go maith
    - ◯ Go han-mhaith

47. Tabhair rátáil ar do scileanna in Mind Maps
- ◯ Lag
- ◯ Measartha
- ◯ Go maith
- ◯ Go han-mhaith
- ◯ N/A

48. Tabhair rátáil ar do scileanna in Eagarthóireacht Grianghraf (e.g. Photoshop)
- ◯ Lag
- ◯ Measartha
- ◯ Go maith
- ◯ Go han-mhaith
- ◯ N/A

49. Má úsáideann tú bogearraí eagarthóireacht grianghraf, cén pacáiste?

________________________________________

50. Tabhair rátáil ar do scileanna in PLSS
- ◯ Lag
- ◯ Measartha
- ◯ Go maith
- ◯ Go han-mhaith
- ◯ N/A

51. Tabhair rátáil ar do scileanna in FARR
- ◯ Lag
- ◯ Measartha
- ◯ Go maith
- ◯ Go han-mhaith
- ◯ N/A

52. Tabhair rátáil ar do scileanna in Sales pulse
- ◯ Lag
- ◯ Measartha
- ◯ Go maith
- ◯ Go han-mhaith
- ◯ N/A

53. Tabhair rátáil ar do scileanna in VSware
- ◯ Lag
- ◯ Measartha
- ◯ Go maith
- ◯ Go han-mhaith
- ◯ N/A

54. Tabhair rátáil ar do scileanna in MIT
- ◯ Lag
- ◯ Measartha
- ◯ Go maith
- ◯ Go han-mhaith
- ◯ N/A

55. Tabhair rátáil ar do scileanna in Way to Pay
- ◯ Lag
- ◯ Measartha
- ◯ Go maith
- ◯ Go han-mhaith
- ◯ N/A

56. Pacáistí eileTFC; sonraigh na cinn a úsáideann tú agus do leibhéal scileanna
- ◯ Lag
- ◯ Measartha
- ◯ Go maith
- ◯ Go han-mhaith

57. Pacáistí eile TFC; sonraigh na cinn a úsáideann tú agus do leibhéal scileanna

________________________________________

________________________________________

58. An bhfuil aon FGL i TFCFGLfaighte agat le bliain anuas?
- ◯ Tá
- ◯ Níl

59. Má tá, ar leor é chun freastal ar do riachtanais?
- ◯ Ba leor
- ◯ Níor leor

60. An bhfuil gá agat faoi láthair FGLin úsáid TFC?
- ◯ Tá
- ◯ Níl

61. Má tá, cén réimse FGL ar mhaith leat a fháil?

________________________________________

________________________________________

62. Ab fhearr leat FGL bunaithe go lárnach nó i do scoil/ionad?
- ◯ Scoil/Ionad
- ◯ Lárnach

BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD